

Is Fostóir Comhdheiseanna é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte ceapacháin don ról mar

Chaomhnóir Leabhar ag leibhéal an Choimeádaí Cúnta, Grád 2

i

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Dáta Deiridh: 3.00p.m. 22ú Meitheamh 2020

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Teagmháil: Aonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: www.nli.ie/vacancies

Faisnéis Chúlra

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh LNÉ in 1877 agus ar an 3 Bealtaine 2005 rinneadh institiúid neamhspleách chultúir di faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tuairiscíonn an Bord don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus is é atá ar an mBord ná cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhaltaí. Fostaíonn an Leabharlann timpeall 90 ball foirne a oibríonn i dtreo cúig thosaíocht a sheachadadh faoinár straitéis reatha 2016–2021 - bailiú, cosaint, nascadh, nuáil agus comhoibriú.

Is trínár mbailiúcháin uathúla a roinneann LNÉ scéal na hÉireann leis an domhan mór. Tá breis agus deich milliún mír faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá láithreacha na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, ar oscailt agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh – i seomraí léitheoireachta ar díol spéise iontu féin iad do chuartheoirí, trí thaispeántais luachmhara éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach. Cuid den tairiscint do chuartheoirí é an caifé gnóthach ar ár bpríomhchampas ar Shráid Chill Dara. Tá eolas breise ar fáil ar www.nli.ie.

Léargas ginearálta ar an ról

Leis an ról seo mar chuid d'fhoireann Caomhantais LNÉ, cuirfear treoir agus tacaíocht saineolais caomhantais agus caomhnaithe ar fáil ó thaobh cóireála ar bhailiúcháin LNÉ, lena n-áirítear cóireáil láimhe, cobhsú ábhair le haghaidh digitithe, léiriú, iasachtaí, grianghrafadóireacht agus taighde.

Dualgais agus freagrachtaí

Féadfaidh sé go mbeidh na dualgais seo a leanas san áireamh, ach gan a bheith teoranta do na dualgais dóibh:

- Cabhrú le cúram agus cóireáil choisctheach ar leabhair luatha phriontáilte agus bailiúcháin fhoilsithe;
- Cóireálacha láimhe a fheidmiú agus na caighdeáin is airde teicniúla agus eiticiúla á gcoinneáil;
- Ábhair leabhair a chobhsú le go mbeidh siad ar fáil le haghaidh taispeántas, iasachtaí, grianghrafadóireacht agus taighde;
- Taighde teicniúil a chur i gcrích maidir le hábhair leabhair chun cur leis an gcorpas saineolais maidir leis an mbailiúchán;
- An LNÉ agus an caomhantas a chur chun cinn trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí for-rochtana;
- Obair le caomhnóirí ar conradh, intéirnigh agus mic léinn a mhaoirsiú sa tsaotharlann chun na spriocanna leagtha síos i bPlean Straitéiseach an LNÉ a bhaint amach;

- Maoirsiú ar ullmhú míreanna leabhair ag taisteal ar iasacht agus gníomhú mar chúiréir nuair is gá;
- Idirchaidreamh le comhghleacaithe agus comhairle ghairmiúil a thairiscint dóibh maidir le míreanna leabhair a láimhseáil, a íomháú, a stóráil agus rochtain a fháil orthu;
- Oiliúint a chur ar chomhghleacaithe maidir le láimhseáil ábhair;
- Cabhrú le hobair riaracháin, soláthairtí caomhantais a choinneáil suas chun dáta de réir mar a theastaíonn.

Níl sa mhéid thuas ach treoir ghinearálta maidir leis an ról agus ní cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhainfidh leis an ról ná ar na tascanna a d'fhéadfaí a leagan ar ról an Chaomhnóra Leabhar sa Leabharlann.

Riachtanais Iontrála

Bunriachtanais Íosta (Riachtanach)

- Cáilíocht iarchéime aitheanta sa chaomhantas leabhar;
- Taighde iarchéime 5 bliana ar a laghad i leabhair uathúla agus ábhair leabharlainne a chaomhnú;
- Eolas den scoth ar úsáid bailiúchán leabhar leabharlainne in institiúid chultúrtha náisiúnta;
- Scileanna cruthaithe sa bhainistíocht tionscadail ó thaobh tionscadail chaomhantais a chomhordú agus a chur i gcrích;
- Inniúil in úsáid na teicneolaíochta faisnéise chun cuspóirí oibre a bhaint amach, lena n-áirítear úsáid ríomhairí agus bogearraí oifige, mar aon le uirlisí eile leictreonacha agus láithreoireachta;
- Eolas ar na caighdeáin chúí ghairmiúla agus na cóid eitice agus chleachtais, agus caighdeáin chúí Sláinte agus Sábháilteachta;
- Eolas cuimsitheach ar mhodhanna cóireála, ábhair, prionsabail agus modheolaíocht an chaomhantais choiscthigh.

Sonraíocht faoin bPearsa (Riachtanach)

- Cumas léirithe obair a dhéanamh faoi réir treoirlínte;
- Cumas léirithe obair a dhéanamh go comhoibríoch dtimpeallacht d'fhoireann bheag;
- Scileanna maithe eagrúcháin agus tosaíochtaí leis an gcumas ualaigh oibre chasta a bhainistiú;
- Mionchruinneas den scoth;
- Suim sa chruthaitheacht agus sa nuáil;
- Dearcadh solúbtha agus dearfach;
- Scileanna idirphearsanta den scoth;
- Féinspreagtha agus in ann obair a dhéanamh as a stuaim féin;
- Cinnteoireacht agus breithniú stuama ó thaobh rioscaí a mheasúnú;
- Tionscnaíocht agus tiomantas spriocanna a bhaint amach.

Bunriachtanais Íosta (Inmhianaithe)

- Creidiúnú gairmiúil nó ag obair i dtreo creidiúnaithe;
- Scileanna taighde agus anailíseacha;
- Taithí ar leabhair a ullmhú le haghaidh taispeántas agus iasachtaí seachtracha;
- Toilteanas coinneáil suas chun dáta leis an taighde agus cleachtas reatha caomhantais (FGL);
- Suim agus díograis a bheith ag obair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus feasacht a ardú agus labhairt ar son chaomhnú agus chaomhantais na hoidhreachta doiciméadaí in Éirinn.

INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT

Náisiúnaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt faoi deara go mbeidh saoránaigh de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) incháilithe chun dul san iomaíocht. Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Beidh saoránaigh de chuid na hEilvéise incháilithe chun dul san iomaíocht freisin.

An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)

Is coinníoll é den Scéim Dreasachtaí Luathscoir, mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin ní ceadmhach do dhaoine dá leithéid cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010)

De bhun Chiorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach (VER) agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll é den Scéim Spriocdhírithé um Luathscor Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostaíochta san earnáil phoiblí sláinte, ná san earnáil phoiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Státchiste. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna maidir leo siúd a bhaineann leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh 7 mbliana agus go gcaithfear cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le fillleadh ar aon fhostaíocht. Daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin, ní bheidh siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

De bhun litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifig Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Phoiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex gratia le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (.i. go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus cead a fháil ón Aire sula bhféadfadh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a fhostú.

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG (P) 06/2013)

Caomhnóir Leabhar ag leibhéal an Choimeádaí Cúnta, Grád 2, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2020 Leathanach

De bhun Imlitir LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí do Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoiteann i leith Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, coinníollach sonrach de chuid na scéime VER is ea nach mbeidh daoine incháilithe le haghaidh athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012) ar feadh tréimhse 2 bhliain óna ndáta imeachta faoin Scéim seo. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Tá feidhm ag na coinníollacha seo chomh maith i gcás fostú/fostaíocht ar conradh ar bhonn seirbhíse (bíodh sé mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Sosanna Gairme

Faoi réir na riachtanas incháilitheachta a shásamh, tá an comórtas ar oscailt do bhaill foirne atá ar Shos Gairme, ar an gcoinníoll go gcloíonn a Sos Gairme le forálacha Imlitir 04/2013 de chuid na Roinne Airgeadais, nó ar shocruithe ar iasacht.

Dearbhú

Éileofar ar iarrthóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Éileofar ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhú agus/nó cá háit a bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TUARASTAL: Is mar seo a leanas atá an scála pá a bhaineann leis an bpost (rátaí i bhfeidhm ón 01 Eanáir 2020):

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

Beidh feidhm ag an scála pá PPC sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís poiblí cheana féin, agus é nó í ceaptha ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh, agus go n-éilítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin i gcás buanfhostaithe nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

31,687 – 33,971 – 34,582 – 37,630 – 40,688 – 43,747 – 46,807 – 48,696 – 50,580 – 52,476 – 54,360 – 56,249 – 58,139 – 60,024 – 61,921 – LSI 1 64,022A – LSI 2 66,118B

A. Tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

B. Tar éis 6 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

Ranníocaíocht Neamhphearsanta Phinsin (Neamh-RPP)

Is mar seo a leanas atá an tuarastal Neamh-RPP (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) don phost (le feidhm ón 01 Eanáir 2020) agus baineann sé le státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a earcaítear roimh an 6 Aibreán 2016:

33,261 – 35,836 – 38,743 – 41,644 – 44,556 – 46,354 – 48,148 – 49,943 – 51,731 – 53,528 – 55,321 – 57,115 – 58,911 – LSI 1 60,914A – LSI 2 62,904B

A. Tar éis 3 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

B. Tar éis 6 bliana seirbhíse sásúla ag an uasmhéid

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an ceapaí isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. Féadfar an ráta a athrú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais, leis.

Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí, féadfaidh sé go mbeidh incrimintí iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha. (Féach leat Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018–2020, Alt 5.1)

Féadfaidh sé go mbeidh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí thú atá ag fónamh faoi láthair.

An ráta pá a thairgfear, beidh sé iníoctha go coicisiúil ar bhonn riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear ó íocaíochtaí tuarastail dlite duit amach anseo, de réir an Achta um Íoc Pá, 1991, aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint do na himthosca uile.

Tionacht

Féadtar painéal a chruthú ón gcomórtas óna líonfar folúntais mar Chaomhnóir Leabhar ag leibhéal an Choimeádaí Cúnta, Grád 2, idir bhuan agus shealadach, má thagann siad aníos.

Déanfar ceapachán chun post i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chríochnú an chonartha promhaidh go rathúil. Ní choisceann sé seo síneadh ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

- (i) ar fheidhmigh sé nó sí go sásúil
- (ii) an raibh a (h)iompar ginearálta sásúil
- (iii) an oireann sé nó sí ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreitheachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha a bheidh sa phost agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige ná aici le haon ghnóthas seachtrach a rachadh salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht ná a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an bhfostaíocht, nuair is iomchuí, ar an bpost seo.

Suíomh

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi bunaithe in áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Uaireanta Freastail

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 43.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (37 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine) i gceist leo. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise i gcás freastail breise (os cionn 43.25 uair in aghaidh na seachtaine) mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon fhreastail breise eisceachtúil a d'fhéadfadh a theacht aníos ó am go chéile.

Saoire Bhliantúil

Beidh 25 lá oibre sa bhliain mar liúntas saoire bliantúla, ag ardú go 29 lá tar éis 5 bliana agus 30 lá tar éis 10 mbliana. Beidh an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoirí bliantúla, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan na gnáthshaoirí poiblí a áireamh.

Cúrsaí Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas aige nó aici seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

Saoire Bhreiteachta

I rith asláithreachta bhreiteachta atá teistithe go cuí, íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na gcioclán a bhaineann le saoire bhreiteachta, ar chuntar nach mbeadh aon fhianaise de mhíchumas buan ann.

Iarrfar ar oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A a lámh a chur le mandáit a thabharfadh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochar dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Le híocaíochtaí a fháil le linn breiteachta, beidh ar an oifigeach gach éileamh riachtanach ar árachas sóisialta a chur isteach chuig an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn ama shonraithe.

Aoisliúntas agus Scor

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dó nó di. I gcoitinne, ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), ciallaíonn sé sin go dtairgfear an ceapachán ar bhonn ballraíochta sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair").

Is iad seo a leanas na príomhfhórlacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

a. Aois Inphinsin

Beidh íos-aois pinsin na scéime nasctha le pinsean an Stáit.

b. Aois Scoir

Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

c. Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapáí fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo agus go bhfuil sé nó sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo, áfach, agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) nó Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte, a mbeadh daoine incháilithe don chomórtas mar gheall air, mar a luadh thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís an duine cheaptha roimhe seo a mheas chun críche aon aoisliúntais a bhféadfadh go mbeadh an duine ceaptha incháilithe lena aghaidh amach anseo.

Má bhí an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do shíneadh ar an laghdú pinsin i gcás fostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. An fhoráil sin leis an laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, tháinig sí in éifeacht ar an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar phinsean duine a cheapfaí sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó atá i seilbh pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfadh i ngníomh le linn dó nó di a bheith fostaithe sa phost seo.**

Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís roimhe seo, agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin an Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte, nó Ciorclán LG (P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, a mbeadh daoine incháilithe don chomórtas mar gheall air, mar a luadh thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís an duine cheaptha roimhe seo a mheas chun críche aon aoisliúntais a bhféadfadh go mbeadh an duine ceaptha incháilithe lena aghaidh amach anseo.

- **Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**

Imlitir 102/2007

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, cé is moite de na cásanna atá leagtha amach in Alt 10.2 agus 10.3 de na doiciméid chiorcláin bhainteacha, agus na cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn sé nó sí i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís phoiblí dá éis sin, go gcuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

Scor de dheasca Drochshláinte

Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. Iar-Státseirbhísigh

Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin i gcás daoine ceaptha áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís phoiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás seo, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallóidh sin go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe faoi (c) thuas, agus go mbeadh impleachtaí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar atá leagtha amach thíos:

e. Fabhrú Pinsin

Tá teorainn 40 bliain i bhfeidhm maidir leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i bpinsean, i gcás go raibh an té a cheapfar ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht ar an 28 Iúil 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis seo do dhuine ar bith a cheapfar a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: <http://www.per.gov.ie/ga/pensions>

Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeán Iompair:

Sicréideacht agus Ionracas Oifigiúil

Le linn théarmaí an chonartha, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Toileoidh an té a cheapfar nach nochtfaidh sé nó sí do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn nó tar éis na tréimhse fostaíochta.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Dea-Cháil

Is gá go mbeadh dea-cháil ar iarrthóirí ar an bpost agus ar an té a cheapfar.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Bainfidh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 leis an bhfostaíocht seo nuair is iomchuí.

Fógra tábhachtach:

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí fostaíochta uile. Leagfar amach na téarmaí sin sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Cén Chaoi le hiarratas a Dhéanamh

Ba chóir d'iarrthóirí cóip dá nGairm Bheatha a sheoladh isteach, in éineacht le litir suime agus ainm agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí. Ba chóir iad seo a sheoladh tríd an ríomhphost chuig: hr@nli.ie

Tabhair do d'aire gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.

Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina ngairm bheatha agus litir suime.

Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

Coinníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear post dó nó di.

An Dáta Deiridh a nGlacfar le Iarratais

Ní glacfar le hiarratais i ndiaidh 3:00pm, ar an 22 ú Meitheamh 2020. **Cloífead go docht daingean leis an dáta deiridh seo.** Ba chóir d'iarratasóirí trí chóip dá bhfoirm iarratais chomhlánaithe a chur sa phost chuig: An tAonad Acmhainní Daonna, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Formáid an Chomórtais

Formáid an chomórtais ná agallamh leath-struchtúrtha, ag baint úsáid as na hinniúlachtaí cuí a bhaineann leis an bpost agus eolas a chuirtear ar fáil tríd an bpróiseas iarratais. Féadfaidh sé go n-iarrfar ar iarratasóirí cur i láthair suas le 10 nóiméad a dhéanamh ar a dtuiscint ar ról an Chaomhnóra Leabhar i leabharlann náisiúnta. Reáchtálfar na hagallaimh i mBéarla.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus todhchaí don phost a líonadh. D'fhéadfadh go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilitheachta a bhaineann leis an bpost, ach in ainneoin sin, más amhlaidh atá líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine acu, d'fhéadfadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. I dtaca leis seo, déanann an Leabharlann Náisiúnta soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh sainbhard na foirmeacha iarratais a iniúchadh, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an róil, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar thú a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann é a dhéanamh; is éard a chiallaíonn sé ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a n-iarratais, go bhfuil cáilíochtaí níos oiriúnaí agus/nó taithí níos ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin é, mar sin, cur síos cruinn mionsonraithe a dhéanamh ar do cháilíochtaí/taithí ar an bhfoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar

Iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann amhlaidh orthu, cuirfead a n-iarratais as an áireamh.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid "*Cód Cleachtas: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*" atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Féadtar teacht ar an gCód ar www.cpsa.ie.

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (curtha faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh le haghaidh athbhreithniú:-

- próiseas neamhfhoirmiúil ar gá leas a bhaint as laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh an cinneadh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó laistigh de 2 lá oibre ó fuarthas cinneadh i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmiúil: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 10 lá oibre ó fógraíodh an cinneadh tosaigh, nó laistigh de 4 lá oibre i gcás céim eatramhach (Alt 7.13 den Chód).
- D'fhéadfadh an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí cinnidh athbhreithniú ar thoradh an chéad athbhreithnithe, agus chuige sin, ba chóir iarratas a dhéanamh laistigh de 7 lá oibre ó fuarthas toradh an chéad athbhreithnithe (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomharc i ndáil le líomhaintí faoi shárú ar an gCód Cleachtais.

Inniúlachtaí mar Chaomhnóir Leabhar ag leibhéal an Choimeádaí Cúnta, Grád 2
Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Ceannasaíocht Foirne

Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann – forbróidh spriocanna soiléire; tabharfaidh aghaidh ar shaincheisteanna feidhmíochta
Cuirfidh comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann
Forbróidh agus feidhmeoidh bealaí nua chun obair a dhéanamh go héifeachtach
Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaidhi ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
Leagfaidh an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt foirne
Solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua – beidh páirt dhearfach aige nó aici in athruithe a chur i bhfeidhm

Anailís & Cinnteoireacht

Baileoidh agus déanfaidh sé nó sí anailís ar eolas ó fhoinsí ábhartha
Cuirfidh sé nó sí saincheisteanna leathana agus na himpleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige nó aici
Cuirfidh an taithí agus an t-eolas atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí
Déanfaidh sé nó sí cinntí stuama ciallmhara
Féachann le haghaidh réitigh le dul i ngleic le fadhbanna

Bainistíocht & Torthaí a Bhaint Amach

Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
Éireoidh leis nó léi raon tionscadail éagsúla a bhainistiú ag an am céanna
Déanfaidh sé nó sí a chuid/cuid oibre féin agus obair daoine eile a eagrú go héifeachtach
Loighciúil agus pragmatach i leith na dtorthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis an hacmhainní atá ar fáil
Dáilfidh sé nó sí obair go héifeachtach
Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí agus cleachtais oibre nua agus déanfaidh a sheacht/seacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm
Cuirfidh sé nó sí córais agus próisis éifeachtacha chuí i bhfeidhm le cáilíocht gach aschuir a sheiceáil
Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile
Nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheisteanna a bhaineann leis an obair
Éireoidh leis nó léi tacaíocht a fháil trí dhiongbháilteacht a chur ina luí ar dhaoine – achoimre a dhéanamh ar eolas ábhartha agus na buntáistí a chur ina luí ar chách
Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh fiú i gcásanna deacra
Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, muiníneach, cibé ó bhéal nó i scríbhinn

Saineolas & Forbairt Foirne

Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne; tuiscint shoiléir ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na heagraíochta; cuireann an méid seo in iúl go héifeachtach

Leibhéal arda saineolais agus eolas leathan ábhartha ar an Earnáil Phoiblí

Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinforbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú

Dúthracht & Tiomantas do Threoirphrionsabail na Seirbhíse Poiblí

Ardleibhéal feidhmíochta leanúnach, déanfaidh infheistiú i bhfuinneamh suntasach chun cuspóirí a bhaint amach

Athléimneach i leith cúinsí dúshlánacha agus éilimh mhóra

Iontaofa – féadtar braith air nó uirthi

Cinntoidh sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil

Beidh ardchaighdeán ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici